Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 2 (A2)

Scrúdú samplach 2

Cluastuiscint, Léamhthuiscint, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta (15%) sa leabhrán seo. Baineann an 35% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 25 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Cluastuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta uair go leith ar fad.

Don oifig amháin

Cluastuiscint

1 ☐
2 ☐
3 ☐
4 ☐

Léamhthuiscint

1 ☐
2 ☐
3 ☐
4 ☐
5 ☐

Scríbhneoireacht

1 ☐
2 ☐
3 ☐

Cluastuiscint

25% den scrúdú: (45 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an pháipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh. Tá ceithre cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó. Freagair na ceisteanna i nGaeilge.

1

Éist leis na trí fhógra agus freagair na ceisteanna thíos. ☐ /12 marc

Fógra 1

1. Cad a dhéanfaidh Liam agus Ailín sa tSín?

   _____

2. Cad a thabharfaidh siad do na páistí?

   _____

Fógra 2

1. Cé chomh minic is a théann siad ag siúl? _____

2. Cad a dhéanann an cumann gach Nollaig? _____

Fógra 3

1. B'fhearr le Peadar dul ar saoire i mí _____ nó _____.

2. Cén post atá ag Peadar anois? _____

2 *Éist leis na trí chomhrá agus freagair na ceisteanna thíos.* /12 marc

Comhrá 1

1. Cé chomh fada agus a bhí Pól agus Síle le chéile? _____

2. Cé a d'inis an nuacht do Chlíona? _____

Comhrá 2

1. Cén t-am a mbeidh Seán agus Ciara ag teacht?

   _____

2. Cad a bheidh ann don dinnéar?

   _____ agus _____

Comhrá 3

1. Cá bhfuil máthair Chaomháin ag dul ar saoire?

   _____

2. Cén post atá ag Caitríona?

   _____

3 *Cheannaigh Áine teach nua. Éist leis an gcomhrá idir Pól agus Áine. Freagair na ceisteanna thíos.* ☐ / 9 marc

Pól agus Áine

1. Tá an teach nua
   - A. cois farraige ☐
   - B. faoin tuath ☐
   - C. i lár na cathrach ☐
   - D. i sráidbhaile ☐

2. Luaigh dhá rud a **thaitníonn** le páistí Áine anois.

   (1) _____

   (2) _____

3. Luaigh trí **phost** ba mhaith le Risteard.

   (1) _____

   (2) _____

   (3) _____

4. Cé mhéad atá ar na ticéid don dráma?

Duine fásta	Duine dífhostaithe	Páiste
€ ___	€ ___	€ ___

4

Tá Muiris agus Bairbre ag comhrá. Éist leis an gcomhrá. Ansin léigh na ráitis agus cuir tic le A, B, nó C i ngach cás.

☐ /12 marc

1. Rachaidh Bairbre go Londain go luath.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

2. Is bainisteoir í Bairbre.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

3. Tá roinnt comhoibrithe le Muiris ag lorg ardú céime freisin.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

4. Chuaigh Máire Ní Néill ag taisteal sa tSeapáin.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

5. Bhí Bairbre agus Máire Ní Néill sa rang céanna ar scoil.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

6. Ní raibh Muiris cairdiúil le Máire Ní Néill.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

Léamhthuiscint

25% den scrúdú iomlán: (60 marc)

1

Críochnaigh an comhrá idir Gráinne agus Brian. Cuir an litir cheart (A-I) isteach i ngach bearna thíos chun an comhrá a chríochnú.

/12 marc

Gráinne:	Cá raibh tú ag an deireadh seachtaine, a Bhriain?
Brian:	1 (.....)
Gráinne:	An bhfuil cairde agat ansin?
Brian:	2 (.....)
Gráinne:	Is cuimhin liom í. Is dochtúir í, nach ea?
Brian:	3 (.....)
Gráinne:	Agus cad atá ar siúl aici anois?
Brian:	4 (.....)
Gráinne:	An rachaidh sí ar ais ag obair arís, meas tú?
Brian:	5 (.....)
Gráinne:	Ach tá an obair sin an-chrua.
Brian:	6 (……)

A Ba bhreá léi post mar mhúinteoir anois.

B Bhí mé sa Fhrainc ar feadh coicíse.

C Tá mo dheirfiúr Deirdre ina cónaí ann.

D Tá a fhios agam, ach tá sé an-suimiúil.

E D'imigh mé go Loch Garman.

F Ní hea, ach banaltra in ospidéal i gCorcaigh.

G Tá páistí óga aici agus bíonn sí sa bhaile ag tabhairt aire dóibh.

H Tá Seán agus Bríona ag obair ansin.

I Is ea, ach d'fhág sí an post sin.

2

Críochnaigh na comhráite seo a leanas.
Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

☐ /12 marc

1. Tá brón orm go bhfuil mé déanach.

A Cad a tharla dó? ☐
B Táim ag fanacht anseo le fiche nóiméad. ☐
C Braitheann sé ar an trácht. ☐

2. An dtaitníonn an post leat?

A Bíonn sé an-leadránach uaireanta. ☐
B Bím ag clóscríobh go minic. ☐
C Níl aon ríomhaire glúine agam. ☐

3. Cén uair a bheidh sibh ag imeacht?

A Ar feadh seachtaine i mí Lúnasa. ☐
B Beidh i gceann lá nó dhó eile. ☐
C Ag tús na míosa seo chugainn. ☐

4. Tabhair dom an peann sin soicind.

A Ní féidir liom. Tá sé briste. ☐
B Tá brón orm ach tá mé róghnóthach anois. ☐
C Cinnte, ach beidh sé uaim arís i gceann nóiméid. ☐

5. An duine aclaí tú?

A D'imir mé nuair a bhí mé ar scoil. ☐
B Bhuel, níl mórán suime agam ann. ☐
C Imrím leadóg le cairde go rialta. ☐

6. An mbeidh deoch agat?

A B'fhearr liom gloine beorach, le do thoil. ☐
B Ní bheidh, go raibh maith agat. ☐
C Fíon dearg nó fíon bán. ☐

3 *Léigh an t-eolas faoi na trí leabhar thíos. Ansin, léigh na ráitis agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás.* ☐ / 12 marc

Leabhair Nua

Ar mo Chuairt le Arundhati Bakshi
Rugadh Arundhati Bakshi i nDoire, i dteaghlach Indiach a raibh bialann acu sa chathair. "Theastaigh uaim tír mo shinsear a fheiceáil" a deir sí agus sin é go díreach a rinne sí i mí Iúil 2007, tar éis a 17ú breithlá. Fuair sí cuireadh go dtí bainis i gcathair Delhi. Rinne sí turas fada traenach trasna na hIndia ar a bealach ann. Tá cuntas anseo ar na daoine ar bhuail sí leo agus na háiteanna a chonaic sí agus, ar ndóigh, ar an mbainis féin. An mbeidh a leithéid de bhainis aici féin?
"An-leabhar ar fad le haghaidh léitheoirí sna déaga." *Nós**

Fág an Carr leis an Sáirsint Jack Ó Máille
Is traenálaí leis an nGarda Síochána é Jack agus deir sé gur féidir leis tú a dhéanamh aclaí taobh istigh de roinnt seachtainí. Deir sé nach gcaithfidh daoine a bheith láidir ná óg chun aclaíocht a dhéanamh. "Fág an carr ar dtús. Siúil na sléibhte. Bí ag snámh cois cósta. Níl aon bhealach níos fearr leis an tír a fheiceáil." Tá go leor le rá aige faoi na rudaí ba chóir dúinn a ithe, agus roinnt smaointe le haghaidh béilte sláintiúla.
"Comhairle mhaith do gach uile dhuine." *Garda Review*.

Turas san Oíche le Bríd Ní Ghráda
Dhá sheachtain roimh Lá Fhéile Vailintín, an lá a bhí sí chun pósadh, imíonn Nicole Chevalier gan tásc gan tuairisc. Níl a fhios ag aon duine cá bhfuil sí. Téann an Sáirsint Ó Brádaigh ag lorg an chailín óig ach níl a chomhoibrithe ag insint na fírinne dó. An raibh eolas rúnda ag Nicole? An bhfuil sí beo nó marbh? Caithfear na ceisteanna a fhreagairt roimh 14 Feabhra!
"Scéal éadrom bríomhar a thaitin le mo mhac féin." *Foinse*.

1. Is scéal póilíneachta é seo.
A. Ar mo Chuairt ☐ *B. Fág an Carr* ☐ *C. Turas san Oíche* ☐

2. Tarlaíonn gach rud sa leabhar seo taobh istigh de choicís.
A. Ar mo Chuairt ☐ *B. Fág an Carr* ☐ *C. Turas san Oíche* ☐

3. Tá rudaí le foghlaim ag óg agus aosta ón leabhar seo.
A. Ar mo Chuairt ☐ *B. Fág an Carr* ☐ *C. Turas san Oíche* ☐

4. Tá cur síos ar thuras spéisiúil sa leabhar seo.
A. Ar mo Chuairt ☐ *B. Fág an Carr* ☐ *C. Turas san Oíche* ☐

5. Tá an pósadh an-tábhachtach sa leabhar seo.
A. Ar mo Chuairt ☐ *B. Fág an Carr* ☐ *C. Turas san Oíche* ☐

6. Is scéal fíor atá sa leabhar seo.
A. Ar mo Chuairt ☐ *B. Fág an Carr* ☐ *C. Turas san Oíche* ☐

4 *Léigh an sliocht thíos. Ansin, léigh na ráitis agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás.* ☐ / 12 marc

Na hÉireannaigh agus *Etiquette*
Le Bairbre Ní Mháille

Tá go leor ceisteanna *etiquette* pléite ag Nadia Hanover–Jones sna píosaí a scríobhann sí don nuachtán *An Réalta*. Ar cheart bronntanas nó airgead a thabhairt do bheirt atá le pósadh? Ar cheart iarraidh ar dhaoine na bróga a bhaint díobh sula dtagann siad isteach sa teach? Anois tá na píosaí sin curtha le chéile in aon leabhar amháin: *Más é bhur dtoil é*. Tá clú mór ar Nadia i measc lucht na nuachtán, agus bhí mé an-tógtha seans a fháil labhairt leis an scríbhneoir mór seo faoi dheireadh. Shocraíomar teacht le chéile in óstán i lár Chorcaí. Bhí mé déanach agus ghabh mé mo leithscéal léi. 'An trácht i lár na cathrach…tá a fhios agat féin!'

'Tá a fhios ag gach duine conas a bhíonn an trácht anseo' a dúirt Nadia. 'Sin é an fáth ar cheart duit imeacht go luath má tá duine eile ag fanacht leat.'

Tháinig an freastalaí agus d'ordaigh mé caife. 'Tá an freastalaí sin an-mhaith' a dúirt Nadia. 'D'éist sé go cúramach agus níor labhair sé. Is léir nach Éireannach é. Níl na hÉireannaigh oiriúnach don obair sin, is cuma dá mbeidís sa choláiste ar feadh deich mbliana.'

'Hmm,' arsa mise. 'Tá roinnt ceisteanna agam ort, a Nadia. Ó, mo leithscéal! An miste leat má thugaim Nadia ort?'

'Tá sé ródhéanach an cheist a chur anois' a dúirt sí. 'Ó, a Dhia' arsa mise liom féin 'beidh orm a bheith cúramach.'

Thóg mé mo leabhar nótaí as mo mhála díreach nuair a bhí an freastalaí ag teacht. Bhuail mé an pota agus an cupán as a lámha. D'fhéach mé ar Nadia. Ní raibh aon imní uirthi. 'Ná gabh do leithscéal' a dúirt sí. 'Tá an locht ar an bhfreastalaí. Ní ghabhann bean uasal a leithscéal riamh.' Scríobh mé sin síos. Bhí mé ag foghlaim!

1. Scríbhneoireacht nua atá sa leabhar *Más é bhur dtoil é.*
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

2. Tá aithne ag Bairbre ar Nadia le tamall.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

3. Fuair an leabhar moladh mór ó iriseoirí eile.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

4. Ní raibh Nadia sásta le leithscéal Bhairbre.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

5. Síleann Nadia gur gá níos mó traenála a chur ar fáil do lucht freastail na hÉireann.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

6. Bhí Bairbre neirbhíseach i gcomhluadar Nadia.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

5

*Léigh an píosa seo as dráma Gaeilge. Cuir **FOCAL AMHÁIN** atá oiriúnach i ngach ceann de na bearnaí.* / 12 marc

Casann Cormac le Rita i gcaifé i lár na cathrach.

Cormac: Rita? An tú féin atá ann? Ní fhaca mé le blianta thú. Tá sé go hiontach _____ **(1)** leat arís.

Rita: A Chormaic! Bhuel, bhuel! Conas atá ag _____ **(2)** leis an bhfear mór gnó?

Cormac: Cuibheasach maith, go raibh maith agat. Tá an comhlacht ag fás – tá fiche duine _____ **(3)** agam anois. Tá am deacair ann, cinnte, ach tugann sin _____ **(4)** domsa oibrithe maithe a fháil ar phá réasúnta.

Rita: Níor athraigh tú ar chor ar bith, a Chormaic. Níl suim dá _____ **(5)** agat i rud ar bith ach airgead.

Cormac: Agus níor athraigh tusa ó bhíomar san _____ **(6)** le chéile. 'Rita an mac léinn réabhlóideach.' Cad é atá tusa ag déanamh chun an domhan a dhéanamh níos fearr?

Rita: Bím ag múineadh Béarla do dhaoine atá i ndiaidh teacht go hÉirinn. 'Cumann Fáilte Bhaile Átha Cliath' an t-ainm atá orainn. Faighim tuarastal beag anois is arís. _____ **(7)** an tuarastal ar cá mhéad airgid atá ag an gCumann ag deireadh na míosa.

Cormac: D'fhéadfainn féin roinnt airgid a chur chugaibh. Cén _____ **(8)** atá agat…á, agaibh?

Rita: Cad é atá ar siúl agat, a Chormaic? An bhfuil tú ag iarraidh _____ **(9)** leis an gCumann nó fáil amach cá bhfuil mise i mo chónaí? Ná tosaigh air sin arís. Is daoine an-difriúla mise agus tusa. Tá a fhios agat sin.

Cormac: Éist, ní gá dom rud ar bith a chur sa phost. Tiocfaidh mé ar _____**(10)** go dtí ceann de na ranganna agus tabharfaidh mé an t-airgead daoibh ansin.

Rita: Tá smaoineamh níos fearr agam. Tá a lán daoine ón Afraic againn nach bhfuil acu ach Fraincis. Tá tusa _____ **(11)** sa Fhraincis, nach bhfuil? Thiocfadh leat rang Fraincise a_____ **(12)** dúinn.

Cormac: Anois, cad é atá ar siúl agatsa, a Rita? An bhfuil tú ag iarraidh níos mó ama a chaitheamh liom?

Scríbhneoireacht

15% den scrúdú: (34 marc)

1 *Abair gur tusa Bríd Nic Pháidín. Scríobh píosa fút féin sa spás ar an chéad leathanach eile. Bain úsáid as an eolas atá sna pictiúir. Is leor 1-2 abairt faoi gach pictiúr.*

/12 marc

Bríd Nic Pháidín

Pósta: Rónán

Teaghlach

Post



Caitheamh aimsire

Caitheamh aimsire

Bríd Nic Pháidín is ainm dom _____

2 *Bhí tú sa Ghearmáin ar feadh seachtaine ag foghlaim Gearmáinise. Scríobh ríomhphost chuig do chara Rónán ag tabhairt eolais dó. Luaigh na rudaí a leanas:*

/12 marc

- óstán /6 oíche
- rang / 10 duine / múinteoir maith
- oíche / teach tábhairne
- cara nua / Hans / innealtóir / cónaí Hamburg
- Domhnach/baile/tuirseach/sásta

A Rónáin, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Bhí mé sa Ghearmáin an tseachtain

seo caite ag foghlaim Gearmáinise. _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Táim ag smaoineamh ar chúrsa eile a dhéanamh an samhradh seo chugainn.

Ar mhaith leat teacht liom?

Slán go fóill,
Niamh

3 *Tá Siobhán ag dul amach. Críochnaigh an nóta seo a d'fhág sí do Chaitríona, a deirfiúr. Scríobh* ***FOCAL AMHÁIN*** *i ngach bearna.* /10 marc

A Chaitríona, a stór,

Tá súil agam go raibh lá _____(1) agat san oifig inniu.

Tá brón orm ní féidir liom dul go dtí an _____ (2) anocht. Is mór an trua mar chuala mé go bhfuil an scannán go hiontach. Ghlaoigh Máire orm agus caithfidh mé dul go dtí an t-aerfort léi ar a hocht a chlog. Ní _____ (3) mé sa bhaile go dtí tar éis a naoi. An bhféadfá an dinnéar a _____(4)? Tá an fheoil agus na glasraí sa chuisneoir. Beidh na páistí sa bhaile ón rang snámha ar a seacht a chlog. An bhféadfá iad a chur a chodladh ar a naoi? Is féidir leo féachaint ar an _____(5) go dtí a hocht agus ansin is féidir leat cúpla _____(6) gearr a léamh dóibh. Beidh me ag dul isteach go Gaillimh amárach. Bíonn _____ (7) i mo dhroim go minic agus tá coinne agam leis an dochtúir ag a ceathair.
Fágfaidh mé an nuachtán ar an mbord duit ag _____ (8) an staighre. _____ (9) glaoch orm ar an bhfón póca má bhíonn _____(10) ar bith agat.

Go raibh míle maith agat.
Siobhán